



Bord Iascaigh Mhara

Lámhleabhar Sláinte an Iascaire



BROLLACH

RÉAMHRÁ

AR MUIR

SÚILE, CLUASA,
AGUS BÉAL

ALCÓL, DRUGAÍ
AGUS TOITÍNÍ

MEABHAIRSHLÁINTE

ITH GO MAITH
CHUN FANACHT
SLÁINTIÚIL

AILSE PRÓSTATAIGH
AGUS AILSÍ EILE

SLÁINTE GHNÉIS

CÁ HÁIT CHUN
CABHAIR A FHÁIL

CLÁR ÁBHAR

Brollach	1
Réamhrá	2
1. Ar Muir	3
2. Súile, Cluasa, agus Béal	11
3. Alcól, Drugaí agus Toitíní	16
4. Meabhairshláinte	22
5. Ith Go Maith chun Fanacht Sláintiúil	27
6. Ailse Próstataigh agus Ailsí Eile	31
7. Sláinte Ghnéis	36
8. Cá háit chun Cabhair a Fháil	39

Brollach

Oibríonn Bord Iascaigh Mhara, BIM, Gníomhaireacht Forbartha Bia Mara na hÉireann, go dlúth le tionscal iascaireachta na hÉireann ar gach gné d'oiliúint foirne, ó mhairnéalaigh bhoird go hinnealtóirí. I measc ár réimse cúrsaí tá marthanais farraige, cúram leighis ar bord loinge agus comhrac dóiteáin agus cosc dóiteáin. Is é an rud atá i gcoiteann ag go leor de na cúrsaí seo ná an oiliúint riachtanach a sholáthar duit chun tú féin agus do chomhbhaill foirne a choinneáil slán. Tá do shláinte phearsanta go mór faoi thionchar na teachtaireachta sábháilteachta seo. Tá sé chomh tábhachtach aire a thabhairt do do shláinte choirp agus mheabhrach agus Gléas Snámhachta Pearsanta (PFD) atá feistithe i gceart a chaitheamh nó a chinntiú go bhfuil d'oiliúint sábháilteachta cothrom le dáta agat.

Nuair a bhíonn tú amuigh ar an bhfarraige, tá do shláinte agus d'fholláine ríthábhachtach duit féin agus d'fhoireann chun gach duine a choinneáil slán agus turas rathúil a chinntiú.

Is é cuspóir an leagain nuashonraithe seo de Lámhleabhar Sláinte an Iascaire de chuid BIM ná comhairle phraiticiúil a thabhairt d'iascairí in Éirinn maidir le bealaí chun fanacht sláintiúil agus folláin. Ba mhaith liom aitheantas a thabhairt don ionchur ó Niamh Hannan, Síceolaí Cairte agus an Dr Nuala Cavanagh, Dochtúir Ginearálta & Ceannasaí Cláir do Chúram Leighis ar Bhord Long, An Coláiste Náisiúnta Iascaigh, An Caisleán Nua.

Cé nach bhfuil an lámhleabhar seo in ionad comhairle leighis ghairmiúil, cuireann sé comharthaí tábhachtacha ar fáil duit, más mian leat tuilleadh cabhrach a fháil ar shaincheist sláinte fisiceach nó meabhrach.

Slí shábháilte agus shláintiúil do gach duine.

Le meas,

Caroline Bocquel, CEO, BIM
Meitheamh 2024



Réamhrá

Is post dúshlánach í an iascaireacht, ó thaobh sláinte meabhraí agus sláinte fisiciúla de. Déantar an obair i dtimpeallacht dhúshlánach agus go minic neamhthrócaireach ina bhféadfadh iarmhairtí tromchúiseacha a bheith ag botúin bheaga.

Tá an leabhrán seo ar mhaithe leatsa agus do chriú, na daoine a dhéanann an obair éilitheach seo sa timpeallacht dheacair seo.

Tá sé deartha chun cabhrú leat aire a thabhairt do do shláinte agus d'fholláine trí tú a threorú trí na rioscaí do do shláinte, cabhrú leat na rioscaí sin a aithint, agus réitigh a thairiscint chun déileáil leis na rioscaí sin.

Déanann sé cur síos ar na gníomhartha is féidir leat a dhéanamh chun do riosca tinnis áirithe a fháil a laghdú agus chun do dheiseanna fanacht go maith agus go sláintiúil a fheabhsú.

Tá cuid acu chomh simplí le tástáil súl nó tástáil éisteachta a dhéanamh. Is éard atá i gceist le cuid eile ná athruithe ar d'aiste bia, ar an méid alcóil a ólann tú nó do nósanna aclaíochta.

Aithnítear sa leabhrán seo gur féidir le roghanna sláintiúla a bheith deacair do dhaoine a oibríonn uaireanta fada neamhrialta i gcásanna dúshlánacha. Tá sé intuigthe chomh maith, i do chineál oibre, go bhféadfadh sé a bheith níos deacra dul chuig an dochtúir, chuig an bhfiacloir nó chuig an radharceolaí nuair is gá duit. Ach cuideoidh na gníomhartha a mholtar anseo, lena n-áirítear cúnamh míochaine agus cúnamh gairmiúil eile a fháil nuair is gá, leat fanacht sláintiúil.

Ní eascraíonn gach bagairt ar do shláinte ó stíl mhaireachtála. Is féidir le tinneas agus coinníollacha coitianta dul i bhfeidhm ar dhuine ar bith ag am ar bith. Tá sé tábhachtach go mbeadh na comharthaí ar eolas agat ionas gur féidir leat cóir leighis a lorg a luaithe is féidir.

Níl sa tsláinte choirp ach cuid den scéal – tá sé chomh tábhachtach céanna aire a thabhairt do do mheabhairshláinte. Pléann Caibidil 4 le strus agus dúlagar, ag tabhairt míniú ar cad atá i gceist leo, conas na comharthaí a fheiceáil, agus cad atá le déanamh mar gheall orthu.

Ar deireadh, tá cúnamh amuigh ansin. Tá liosta seirbhísí – idir sheirbhísí gairmiúla agus sheirbhísí deonacha – ar féidir glaoch orthu i dtreo dheireadh an leabhráin seo.

Seo é do lámhleabhar sláinte ar muir, sa bhaile nó ag an gcalafort. Coinnigh an nasc atá leis in aice láimhe nó coinneigh cóip chrua de sa chábán stiúrach, cocús, do mhála trealaimh nó sa bhaile — agus léigh é.

1 Ar Muir

Tá laghdú tagtha ar líon na mbásanna ar muir thar na blianta mar gheall ar fheabhas a bheith tagtha ar shábháilteacht agus ar oiliúint éigeantach sábháilteachta.

Tá sé riachtanach Gléas Snámhachta Pearsanta (PFD) atá feistithe i gceart a chaitheamh chun do dheiseanna teacht slán as eachtra ar muir a mhéadú. Ar an gcaoi chéanna, tá oiliúint marthanais farraige ríthábhachtach do dhuine ar bith atá ag obair ar muir. Cuireann BIM an oiliúint a theastaíonn uait chun fanacht sábháilte ar fáil. Chun tuilleadh eolais nó an sceideal reatha oiliúna a fháil, féach www.bim.ie

Chun eolas a fháil ar an seaicéad tarrthála is oiriúnaí duit, féach treoracha INRBT ag <https://rnli.org/safety/lifejackets>

Ionfhabhtuithe

Maidir le gortú agus ionfhabhtuithe, is gnách go n-éiríonn lámha iascairí níos measa agus ní haon ionadh é sin nuair a chuirtear san áireamh cé chomh deacair agus a oibríonn siad. Idir fhoircinn bhriste dlúith, gearrthacha scine agus méara brúite, tá ionfhabhtuithe beagnach dosheachanta. Níos measa fós, is féidir timpistí a bheith mar thoradh ar ghortú láimhe agus ionfhabhtú. Tá lámhainní cosanta riachtanach agus ba chóir gach ionfhabhtú a chóireáil go tapa.

Is féidir leat cabhrú le cosc a chur ar ionfhabhtú trí:

- Níochán láimhe rialta le gallúnach agus uisce
- Craiceann a choinneáil glan agus maothaithe go maith
- Aon ghearrthacha agus gortuithe a ghlanadh ag baint úsáid as uachtar antaiseipteach

Pointí gníomhaíochta

- Breathnaigh ar in 'Treoir Leighis an Chaptaein Loinge'.
- Déan tagairt do 'Treoir maidir le Garchabhair Bhunúsach' do BIM agus seiceáil 'Lámhleabhar Garchabhrach' Chros Dhearg na hÉireann.
- Faigh comhairle faoi chóireáil antaibheathach má tá do chraiceann pianmhar, te agus ata.

Is é an cosc an cur chuige is fearr — agus is é an dea-scéala gur féidir tú a imdhíonadh i gcoinne roinnt ionfhabhtuiche:

Teiteanas

Sular imdhíonadh é, bhí an t-ionfhabhtú marfach sin ina bhgairt thromchúiseach d'iascairí. Ionsaíonn sé tríd an gcráiceann nó créacht oscailte agus téann sé suas go dtí an inchinn. Déantar pairilis ar na matáin ar an mbealach (dá bhrí sin 'glas géill' nuair a shroicheann sé an aghaidh). Is féidir é a chóireáil, ach amháin má ghabhtar go luath é.

Tá an vacsaín teiteanais tugtha mar chuid den ghnáthsceideal vacsaínithe leanaí in Éirinn le blianta fada anuas.

Ach b'fhéidir go mbeadh vacsaín teiteanais nó teandáileog ag teastáil uait mura bhfuil tú vacsaínithe go hiomlán (cúig dháileog san iomlán), nó mura bhfuil tú cinnte faoi do stair vacsaínithe.

Faigh comhairle agus teandáileog má theastaíonn sé uait.

Vacsaín Heipitéas

Is ionfhabhtú coitianta é Heipitéas A i go leor de na réigiúin is teo ar domhan. Is iondúil go ndéantar an t-ionfhabhtú seo, a théann i bhfeidhm ar an ae, a tholgt trí bhia agus uisce éillithe.

Tá an vacsaín thar a bheith tábhachtach d'innealtóirí atá ag obair le córais séarachais ar bord loinge.

Tá gá le dhá vacsaín, a bhfuil sé mhí eatarthu, lena gcuirfear clúdach ar fáil ar feadh suas le 25 bliana.

Fliú

Is minic a éiríonn an fliú níos fearr ach éisteacht leis, ach féadann sé roinnt daoine a dhéanamh go dona tinn. Tá sé tábhachtach an vacsaín fliú a fháil má mholtar duit é sin a dhéanamh. Cuimhnigh go n-athraíonn fliú víreas gach bliain, mar sin ní thabharfaidh an chosaint a bhí agat an bhliain seo caite, cosaint duit ar an bhfliú i mbliana.

Má tá fliú ort, tá roinnt rudaí is féidir leat a dhéanamh chun cabhrú leat biseach a fháil níos tapúla.

- Lig do scíth agus téigh a chodladh
- Coinnigh te
- Glac paraicéiteamól chun do theocht a íslú agus do thinneas agus pianta a chóireáil
- Ól neart uisce chun dhíhiodráitiú a sheachaint (ba chóir go mbeadh d'fhual soiléir nó buí éadrom)

COVID-19

Beidh comharthaí éadroma le brath ar fhormhór na ndaoine a bhfuil COVID-19 orthu agus braithfidh siad níos fearr laistigh de chúpla seachtain. Is é coinneáil suas chun dáta le do vacsaíní COVID-19 an bealach is fearr chun tú féin agus daoine eile a chosaint ar thinneas tromchúiseach ó COVID-19.

Má tá aon siomptóim COVID-19 ort agus má airíonn tú tinn, ba chóir duit:

- Fanacht sa bhaile / i do chábán go dtí 48 uair an chloig tar éis do chuid comharthaí a bheith imithe den chuid is mó nó go hiomlán.
- Seachain teagmháil le daoine eile, go háirithe daoine atá i mbaol níos mó ó COVID-19.
- Agus ná déan dearmad do lámha a ní go rialta le gallúnach agus uisce i rith an lae.

Imdhíonta i gcomhair Thaisteal Trópaiceach:

Beidh an vacsaíniú ag brath ar an áit a bhfuil tú ag taisteal. Beidh sé dírithe ar phoist ar leith freisin agus beidh ar fhostóirí agus ar mharaithe cinneadh a dhéanamh.

Faigh tuilleadh eolais ar Shuíomh Gréasáin na hOifige Náisiúnta Imdhíonta ag www.immunisation.ie

Nó ag www.gov.uk/health-and-social-care/health-protection-immunisation

Ailse Chraicinn

Is í ailse chraicinn an ailse is coitianta in Éirinn agus déantar os cionn 13,000 cás nua a dhiagnóisiú gach bliain. Ceaptar go dtiocfaidh méadú faoi dhó ar an líon sin faoi 2040. Aithnítear oibríthe lasmuigh mar ghrúpa ardriosca d'fhorbairt ailse chraicinn. Is amhlaidh atá toisc gur féidir leo a bheith nocht do radaíocht UV ghréine idir 2-3 huaire níos mó ná oibríthe laistigh — tá nochtadh dian go háirithe dóibh siúd atá ag obair ar uisce nó gar dó.

Is féidir fiú laethanta scamallach 90% de na gathanna UV contúirteacha a chruthaíonn ailse a sheachadadh.

Fanann damáiste craicinn tar éis do dhó gréine imeacht. Forbraíonn sé faoin gcráiceann díreach cosúil le meirg faoi péint deice agus féadann sé teacht ar ais chun ciapadh a dhéanamh ort sna blianta ina dhiaidh sin.

Go bunúsach tá dhá chineál ailse chraicinn ann:

Neamh-meileanóma (is coitianta)

Cuimhnigh: seiceáil do chraiceann go rialta – is deis iontach é an luathbhrath agus an chóireáil chun an chuid is mó de na hailsí craicinn a leigheas

D'fhéadfadh sé cabhrú le grianghraif de do chraiceann a thógáil agus comparáid a dhéanamh idir aon athruithe a tharlaíonn le himeacht ama.

Má thugann tú faoi deara aon rud neamhghnách nó rud nach n-imíonn tar éis míosa, iarr ar do dhochtúir teaghlaigh é a sheiceáil

Meileanóma urchoideach

An cineál ailse chraicinn is tromchúisí. Cé nach bhfuil sé chomh coitianta céanna, tá sé ar an méadú. Is minic a fheictear é mar bhall dohráin nó bricín atá ag athrú.



13,000

Cásanna Ailse Craicinn diagnóisithe gach bliain



Sainaitnítear oibríthe allamuigh mar ghrúpa ardriosca chun ailse chraicinn a fhorbairt
www.cancer.ie
(Cumann Ailse na hÉireann)



Is féidir fiú laethanta scamallach 90% don ailse chontúirteach a chruthaíonn roic UV a sheachadadh

Bí ag faire amach do:

- Méid: níos mó ná foirceann an bhúit de pheann luaidhe (trastomhas níos mó ná 6 mm/ceathrú orlach).
- Éagsúlacht datha: scáileanna crón, dubh donn agus uaireanta dearg, gorm nó bán.
- Cruth: ciumhais mhantach nó scolbáilte agus leath murab ionann agus an ceann eile.
- Tochasach.
- Ag fuiliú.

Pointí Gníomhaíochta

- Úsáid griansciath le cosaint íosta SPF 30 UVA 20 nóiméad sula dtéann tú lasmuigh.
- Cuir ort arís é gach dhá uair an chloig, nó níos minice má tá tú ag cur allais.
- Féach ar do chuid ball dohráin agus bí ag faire amach d'athruithe iontu.
- Tá go leor athruithe ar an gcráiceann neamhdhíobhálach ach is féidir le seiceáil thapa le do dhochtúir do chraiceann a shábháil.
- Lorg scáth.
- Caith éadaí atá déanta as fabraic dhlúthfhite.
- Caith hata.
- Is féidir le spéaclaí gréine timfhillteach do shúile a chosaint.

Gortuithe cúil agus muiníl

Is minic a bhíonn gortuithe cúil agus muiníl mar thoradh ar na coinníollacha a bhaineann le gníomhaíochtaí ar leith ar muir. Áirítear orthu sin suíomh seasmhach a choinneáil, go háirithe ag seoltóireacht agus líonta á socrú le haghaidh soithí beaga, lúbadh nó casadh arís agus arís agus fearais agus in éisc á láimhseáil, agus oibriú i suíomh místuama i gcoibhneas le fána na deice nó le huillinn féachana.

Tá roinnt cleachtaí simplí ann chun dul i ngleic leis na coinníollacha seo gur féidir leis an bhfoireann go léir a dhéanamh:

- Agus tú i do sheasamh, cuir ar do lámha ar do chromáin agus cuir cruit ort féin chomh fada agus is féidir leat. Déan é seo 10 n-uaire.
- Má tá spás agat, luí béal fút agus déan gluaiseacht den chineál céanna, ag baint úsáide as do lámha chun do ghualainn a ardú ón urlár.

- Seas i gcoinne balla agus déan iarracht do cheann a leagan siar i gcoinne an bhalla. Ansin, féach an féidir leat cúl do mhúiníl a fháil cothrom freisin.

Má tá tú i gcónaí i do sheasamh ar fhána (mar shampla, ag an mbord scoilte), déan iarracht taobhanna a athrú tar éis gach gabháil, nó bog do chromáin sa treo eile chun dul i ngleic leis an bhfána roimh agus tar éis scoilte.

Láimhsiú

Tá sé deacair cóid láimhsithe a leanúint ar muir. Luaitear an méid seo a leanas go minic sa leabhar láimhsithe: ardaigh idir beirt ar dhromchla cothrom, cobhsaí, neamhsciorrach.

Más féidir, coinnigh le teicnící láimhsithe sábháilte, ag ardú laistigh de do leibhéil chumais. Is minic, áfach, gurb é an meáchan is lú nó gluaiseacht fánach buille maraithe na muice.

D'fhéadfadh an méid a bhí á dhéanamh agat sular ardaigh tú, a bheith ina fhachtóir díobhálach, i.e. lúbadh fadtéarmach nó suí. Mar sin, sula n-ardóidh tú, déan cúpla ceann de na gluaiseachtaí dronnacha chun faoiseamh a thabhairt do do dhroim.

Sciorthaí, Tuislí agus Titim

Is gnách go mbíonn na fachtóirí riosca soiléir: dréimírí, spásanna teoranta, trealamh, uisce, sram éisc agus dorchadas.

Tar éis aon chóireáil gharchabhrach tosaigh, cuimhnigh SOCA: Lig do Scíth, Oighear, Comhbhrú, Airde. D'fhéadfadh cuairt a thabhairt ar fhisiteiripeoir nuair a thagann tú i dtír tú a chur ag gluaiseacht agus saor ó phian níos tapúla.

Suíomhanna codlata

D'fhéadfadh bolg lín nó díreach ar an deic a bheith i gceist le 'áit éigin le codladh'. Tá seans níos fearr ag na daoine sin a bhfuil só na buncanna acu ar chúpla uair an chloig codlata a fháil. Ach is minic a bhíonn na buncanna níos lú ná leapacha sa bhaile. Cibé áit a gcodlaíonn tú, sula dtéann tú amach ar an deic arís, sín amach tú féin, le do lámha ar do chromáin agus lúb do dhroim cúpla uair.

Pointí gníomhaíochta

- Déan iarracht an brú ar do chnámh droma a laghdú nuair atá tú ag luí síos. Is mór an chabhair é, luí ar do thaobh le do chosa beagán lúbtha agus le cúisín eatarthu.
- Téann suathaireacht droma go mór chun leasa freanga agus teannas.
- Tiontaigh thart nó fiú seas suas agus siúil ar feadh cúpla céim.
- Is féidir le cógais frith-athlastacha neamh-stéaróideacha (NSAIDanna) agus pianmhúcháin (mar shampla, iobúpróifein agus paraicéiteamól) cabhrú go mór, ach féach na treoracha ar an bpaicéad.
- Cuidíonn tuáillí teo agus comhbhrúite fionnuar le matáin a ligean.
- Féadann fisiteiripe luath tar éis gortú droma tú a chur ar ais ag obair agus na rudaí a thaitníonn leat a dhéanamh níos gasta. Aimsigh fisiteiripeoir cáilithe gar duit ar shuíomh gréasáin Chumann Fisiteiripeoirí Cairte na hÉireann, www.iscp.ie

2 Súile, Cluasa, agus Béal

Réamhrá

Is féidir le cailteanas éisteachta, meath radharc na súl agus pian fiacail tarlú do dhuine ar bith. Ach cruthaíonn siad fadhbanna ar leith nuair a bhíonn tú ar muir. Seachas an míchompord a d'fhéadfá a bhrath, tá baol níos mó ann go dtarlódh timpistí mura gcaitear le droch-radharc na súl nó droch-éisteacht. Sin é an fáth go bhfuil sé tábhachtach go ndéanfadh speisialtóirí seiceáil ort má thugann tú faoi deara radharc do shúl nó d'éisteacht ag dul in olcas, agus cuairt a thabhairt ar fhiacloir uair sa bhliain.

Cluasa

Meastar go bhfuil cailteanas suntasach éisteachta ag duine as gach 12 duine fásta in Éirinn. Cé go dtéann an éisteacht in olcas le haois, is féidir damáiste a dhéanamh dó freisin i ndaoine atá nochta do leibhéil arda torainn thar thréimhse fhada. Tá a fhios againn gur gnó torannach í an iascaireacht tráchtála, agus níos measa fós, is gnó torannach í an chuid is mó den am. Ciallaíonn sé sin go bhfuil tú i mbaol níos airde cailteanais éisteachta de bharr torainn ná daoine atá ag obair i dtimpeallachtaí oibre níos ciúine mar oifigí.

Ní hamháin, chun tionchar a imirt ar do chumas páirt a ghlacadh i gcomhráite, taitneamh a bhaint as ceol agus siamsaíocht eile, is féidir le cailteanas éisteachta cur le timpistí ag an obair.

Ach is féidir leat céimeanna a ghlacadh chun d'éisteacht a chosaint agus cabhair a fháil más gá.

Pointí gníomhaíochta

- Caith cosantóirí cluaise nuair is cuí.
- Tabhair sos do do chluasa tar éis dóibh a bheith nochta do thorann dosheachanta.
- Faigh tástáil ar do chuid éisteachta má thugann tú faoi deara go bhfuil do chumas éisteachta ag dul in olcas — mar shampla, an mbíonn tú i gcónaí ag iarraidh ar dhaoine iad féin a athrá, nó an bhfuil tú ag casadh suas fhuaim na teilifíse níos mó ná mar a bhíodh tú? Cuireann Specsavers agus Hidden Hearing tástálacha éisteachta saor in aisce ar fáil — déan coinne má cheapann tú go bhfuil d'éisteacht ag dul in olcas.
- Ná cuir rud ar bith i do chluasa.

Má chaitheann tú áis éisteachta, cuimhnigh cadhnaí breise a iompar leat. Ní mór duit freisin a bheith in ann múscaillt i gcás éigeandála, mar sin b'fhéidir go mbeidh ort é a chaitheamh san oíche. Tá an chuid is mó díobh frithsheasmhach in uisce ach cuimhnigh a rá le do sholáthraí cá n-oibríonn tú agus iarr áiseanna éisteachta atá frithsheasmhach in aghaidh uisce salainn.

Súile

Cé go bhféadfadh spéaclaí agus lionsaí tadhaill an réiteach a sholáthar do radhairc laghdaithe is minice a tharlaíonn go nádúrtha, tá sé tábhachtach cosc a chur ar ghortuithe, ionfhabhtuithe agus galair súl agus fios a bheith agat conas déileáil leo, rud a d'fhéadfadh cailliúint radhairc a bheith mar thoradh air freisin.

Gortú súile

Tá dromchla na súl i mbaol damáiste ó earraí coimhthíocha nó ó shubstaintí greannacha. I gcás inarb iomchuí, caith spéaclaí cosanta, gloiní cosanta nó sciath aghaidhe. Má théann rud éigin isteach i do shúil, is minic gur féidir earraí coimhthíocha a ghlanadh chun siúil le neart uisce, agus tá sé riachtanach do ghreannaitheoirí tromchúiseacha.

Féadfar earraí coimhthíocha a bhaint go díreach freisin (féach 'Treoir Leighis an Chaptaein Loinge', 'Treoir maidir le Garchabhair Bhunúsach' BIM nó 'Lámhleabhar Garchabhrach' Chros Dhearg na hÉireann).

Pointí Gníomhaíochta

- Caith an fearas cosanta ceart nuair a bhíonn uirlisí á láimhseáil agat.
- Féach 'Treoir Leighis an Chaptaein Loinge', BIM 'Treoir maidir le Garchabhair Bhunúsach', nó 'Lámhleabhar Garchabhrach' Chros Dhearg na hÉireann chun comhairle gharchabhrach a fháil tar éis gortú súl.

Ionfhabhtú

Tá ionfhabhtuithe súl coitianta agus is féidir leo a bheith ina gcúis le deargadh timpeall na súl, pian, tochas agus radharc ag éirí doiléir ó bhrach. Is féidir toinníteas (ionfhabhtú ar dhromchla na súl) a scaipeadh chuig daoine eile, mar sin nigh do lámha go rialta le huisce gallúnach te agus bain úsáid as do thuáille féin. Iarr ar do chógaiseoir braonta nó uachtar antaibheathach a fháil.

Glácóma, Catarachtaí agus Lagú Amhairc

Chomh maith le tástáil a dhéanamh chun a fháil amach an bhfuil spéaclaí nó lionsaí teagmhála uait, is féidir le do radharceolaí tástáil a dhéanamh freisin ar dhálaí coitianta súl a d'fhéadfadh dochar mór a dhéanamh do radharc mura ndéantar cóireáil orthu.

I gcás glácóma, mar shampla, is brú ag forbairt taobh istigh den tsúil atá mar chúis leis. Is oidhreacht teaghlach é agus mar sin tá sé tábhachtach a iarraidh ar an radharceolaí tú a thástáil lena aghaidh sula mbeidh sé ina chúis inní duit. Bíonn cineálacha áirithe glácóma ina gcúis le dianphian súl agus fáinní timpeall ar shoilse – ní mór cóireáil phráinneach lena n-aghaidh sin, chun cosc a chur ort éirí dall.

Bíonn catarachtaí mar chúis eile le lagú radhairc, rud a éiríonn níos coitianta le haois. Arís, is féidir le do radharceolaí tú a thástáil agus tú a tharchur le haghaidh cóireála.

De réir mar a théann muid in aois, is minic a mbíonn fadhbanna lenár súile. Cailleann daoine áirithe raon radhairc, cailleann daoine radharc in aice láimhe. Maidir le cuid againn, tá deacrachtaí den sórt sin ann ar feadh an tsoil agus de ghnáth is féidir iad a cheartú ach spéaclaí nó lionsaí a chaitheamh. Seiceáil le do dhochtúir má cheapann tú go bhfuil fadhbanna agat. Tá sé seo tábhachtach, mar d'fhéadfadh go gciallódh radharc lochtach nach n-oireann freagrachtaí a bhaineann le fairtheoir a dhéanamh duit a thuilleadh.

Béal

Tá ionfhabhtú drandail nó tinneas fiacaile pianmhar tráth ar bith, ach tá sé i bhfad níos measa má tá tú ar muir gan aon rochtain agat ar fhioclóir. Is féidir le scrúdú sláinte bliantúil le fioclóir cuid mhaith do na fadhbanna a sheachaint agus a chinntiú go bhfaigheann tú cóireáil nuair is gá duit é.

Meath fiacla agus galar drandail

Cothaíonn bianna agus deochanna siúcraí na baictéir phlaice a chónaíonn go nádúrtha sa bhéal. Ansin déanann na baictéir aigéad a ionsaíonn cruana na bhfiacra agus a dhéanann lobhadh fiacaile. Déanann na baictéir greannú freisin ar na drandail a d'fhéadfadh a bheith ina gcúis le galar drandail. Cailleann an chuid is mó de dhaoine scothaosta a gcuid fiacla mar gheall ar ghalar drandail. Cruthaíonn caitheamh tobac galar drandail freisin. Is féidir leat gníomhú chun fadhbanna a sheachaint.

Pointí gníomhaíochta

- Scuab do chuid fiacla agus drandail gach oíche agus maidin le taos fiacra fluairíde. Agus bí ag caitheamh seile ach ná sruthlaigh chun an fhluairíd a choinneáil ag obair.
- Cuir teorainn le bianna agus deochanna siúcraí go hamanna béile amháin. Roghnaigh sneaiceanna níos sláintiúla idir béilí cosúil le tortaí agus glasraí.
- Tabhair cuairt ar an bhfioclóir uair amháin sa bhliain ar a laghad.

Ailse bhéil

Tá fir níos dóchúla ná mná ailse bhéil, na mbeola nó scornaí a fháil. Is iad caitheamh tobac (nó tobac coganta) agus ól an iomarca alcóil is cúis leis an gcuid is mó de na hailsí seo.

Bí ag faire amach d'aon phaistí bána nó dearga, othras nó cnap (ad' fhéadfadh a bheith pianmhar), a bhíonn fós ort laistigh de dhá sheachtain.

Tá diagnóis luath ríthábhachtach – téigh chuig do dhochtúir nó chuig an bhfiacloir a luaithe is féidir má thugann tú aon cheann de na siomptóim sin faoi deara.

3 Alcól, Drugaí agus Toitíní

Cuid de shaol fhormhór na ndaoine is ea deoch a bheith agat le do chairde, le béile nó ag féachaint ar an teilifís. Go dtí seo, níl aon rud cearr leis sin. Is nuair a dhéantar an iomarca alcóil a ól a thosaíonn na fadhbanna. Mar sin, cé mhéad atá i gceist leis ‘an iomarca’?

Na Treoirínte maidir le hAlcól Seachtainiúil ar Riosca Íseal do Dhaoine Fásta (drinkaware.ie):

- **Fir:** Níos lú ná 17 deoch chaighdeánach (170g alcól íon) scaipthe ar feadh na seachtaine, agus dhá lá saor ó alcól ar a laghad
- **Mná:** Níos lú ná 11 deoch chaighdeánach (110g alcól íon) scaipthe ar feadh na seachtaine, agus dhá lá saor ó alcól ar a laghad

Is fearr aon ól a spásáil i rith na seachtaine mar tugann sé seo sos agus am do do chorp teacht chuige féin.

Má ólann tú níos mó ná 24 deoch chaighdeánach in aghaidh na seachtaine go rialta is dócha go bhfuil tú ag mothú tuirseach nó in ísle brí cheana féin, chomh maith le, ag fáil níos troime, cailleanas cuimhne, codladh go dona agus fadhbanna gnéis a bheith agat. D’fhéadfá a bheith ag fulaingt ó bhrú fola ard freisin.

Má bhíonn tú ar meisce nó póit ort ar muir, d’fhéadfá gach duine ar an mbád a chur i mbaol. Bíonn roinnt daoine argóinteach má ólann siad go leor, fiú nuair a bhíonn siad ar a gciall, agus ní hé sin a theastaíonn uait féin nó ó do chomhghleacaithe ar shoitheach beag agus an aimsir ag dúnadh isteach.

<p>Fir <17</p> <p>deoch chaighdeánach (170g alcól íon) scaipthe amach i rith na seachtaine, agus ar a laghad</p> <p>2 lá saor ó alcól</p>	<p>Mná <11</p> <p>deoch chaighdeánach (110g alcól íon) scaipthe amach i rith na seachtaine, agus ar a laghad</p> <p>2 lá saor ó alcól</p>
---	---

Fíor nó bréagach?

Glantar pionta beorach amháin as an gcorp gach uair an chloig

- **Bréagach:** Cosúil le neart beorach, athraíonn daoine go mór maidir le cumas a gcórais alcól a ghlanadh. Éiríonn sé níos faide mar a thógann an t-alcól suas le hól trom.

Beidh lá eile ag an bPaorach...

- **Bréagach:** Tá tuiscint mharthanach ag alcól i méideanna móra. Is féidir leat a bheith fós go mór thar an teorainn le haghaidh tiomána in ainneoin codlata ar feadh ocht n-uair an chloig i ndiaidh a chéile. Níos measa fós, bíonn amhras faoi do bhreithiúnas freisin, ní rud maith é seo má tá tú ag déileáil le hinnealra trom.

Leideanna maidir le hól nach bhfuil chomh díobhálach céanna

- Ól neart uisce, i rith an lae agus nuair a bhíonn tú ag ól alcóil.
- Bain triail as beoir gan alcól idir piontaí, is dócha nach dtabharfaidh tú an difríocht faoi deara!
- Ní hé go gcailltear an blas de bharr láidreachtaí beorach a bheith ag babhtáil.
- Déan iarracht dhá lá ar a laghad saor ó alcól a ól in aghaidh na seachtaine.

Drugáí

Bainfidh baol leat a mbeidh tionchar aige ar do d’árthach, den chriú agus duit féin de bharr aon rud a chuireann isteach ar do bhreithiúnas nó d’aird. Leanfaidh an chuid is mó de na drugaí áineasa ag dul i bhfeidhm ort i bhfad tar éis don ‘ardtáitneamh’ imeacht.

Tá go leor cineálacha éagsúla drugaí áineasa ann, gach ceann acu a mbaineann a gcuid fíricí, saincheisteanna agus bagairtí féin leo, an iomarca le cur seo a dhéanamh orthu sa treoir seo. Maidir le faisnéis neamhbhalbh rúnda ó dhaoine cairdiúla atá oile go gairmiúil chun faisnéis dhíreach neamhchlaonta faoi dhruaí a thabhairt, cuir gloach ar líne chabhrach náisiúnta Fheidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte (FSS) ar 1800 459 459, nó féach ar drugs.ie

Bíonn na línte ar oscailt ó Luan go hAoine idir 9am agus 5.30pm. Tugann an líne chabhrach agus an suíomh Gréasáin araon faisnéis agus tacaíocht rúnda dóibh siúd atá buartha faoi chara nó faoi bhall teaghligh.

Caitheamh tobac

Déanann caitheamh tobac dochar do bheagnach gach orgán sa chorp. Is é an chúis is mó le broincíteas, eimfiséime, galar croí, ailse scamhóg, agus ailse in orgáin eile.

Gheobhaidh duine as gach beirt a chaitheann tobac bás go luath ina saol mar thoradh ar chaitheamh tobac — leath díobh sin sa mheánaois. Tá baint ag caitheamh tobac chomh maith le deacrachtaí adhairce.

Is é tobac a chaitheamh in aer, an chéim is tábhachtaí is féidir leat a ghlacadh chun maireachtáil níos faide. Laghdaíonn sé go mór do riosca galar croí agus stróc, agus tosaíonn an damáiste a chaitheann tobac ag laghdú go han-tapa.

Níl sé ródhéanach riamh caitheamh tobac a chaitheamh in aer. Tarlaíonn na buntáistí láithreach.

An dea-scéal láithreach:

- 20 nóiméad tar éis duit caitheamh tobac a chaitheamh in aer, beidh do bhrú fola agus cuisle ar ais ag an ngnáthleibhéal.
- Lá amháin ina dhiaidh sin, tosaíonn do riosca taom croí ag titim.
- Lá a dó, feabhsaíonn do bhlas agus do bholadh.
- Trí lá tar éis caitheamh tobac a chaitheamh in aer go deo, tá anáil níos éasca agus méadaíonn leibhéal fuinnimh.

An dea-scéal amach anseo:

- Sna trí mhí amach romhainn feabhsaíonn d'ímshruthú, méadaíonn feidhm scamhóg, análaíonn tú níos éasca agus laghdaíonn an baol le taom croí agus stróc.
- Tar éis bliana, gearrtar do riosca taom croí faoina leath murab ionann an duine a chaitheann tobac.
- Laistigh de 15 bliana, beidh thart ar an mbaol céanna duit taom croí agus stróc a bheith agat agus atá ag duine nach gcaitheann tobac.

Is éard atá i gceist le hullmhúchán chun stop a chur le caitheamh tobac ná a bheith praiticiúil agus plean a bheith agat. Stopann na mílte duine ag caitheamh tobac go deo gach lá, agus is féidir leatsa freisin. Má ghéilleann tú féin agus do comhloingseoirí go léir ag an am céanna is féidir leat tacú lena chéile.

Chun cabhair shaineolach a fháil: cuir glao saor ar an Stoplíne Náisiúnta Caiteoirí Tabac ar 1800 201 203 nó tabhair cuairt ar www.quit.ie nó seol saorthéacs QUIT go 50100.

Is seirbhís saor in aisce í seo ina mbeidh saineolaithe oilte in ann cabhrú leat. Is féidir leat labhairt le comhairleoir, d'eispéireas a roinnt mar chuid de ghrúpa nó clárú le do Phlean Scoir ar www.quit.ie. Tá dhá oiread níos mó seans ann go n-éireoidh tú as an nós go rathúil leis an tseirbhís Quit saor in aisce atá cruthaithe. Is féidir leat táirgí athsholáthair nicitín a úsáid, mar shampla paistí, guma agus ionanáilaithe chun dul i ngleic le do chuid comharthaí aistarraingthe agus dúil mhallaithe. Fágann sé sin go bhfuil sé ceithre huair chomh dóchúil go n-éireoidh leat.

Féadfaidh do chógaiseoir comhairle a thabhairt duit maidir le táirgí teiripe athsholáthair nicitín (NRT). Léigh na treoracha agus bain úsáid as de réir mar a ordáítear.



20 nóiméad

tar éis duit éirí as caitheamh tobac

fillleann do bhrú fola agus do chuisle ag an ngnáthleibhéal



Lá amháin ina dhiaidh sin

tosaíonn do riosca taom croí ag titim



Lá a dó

feabhsaíonn do bhlas agus do bholadh



Trí lá tar éis

éirí as an tobac go deo, tá anáil níos éasca agus méadaíonn leibhéal fuinnimh

Bíodh a fhios agat:

- Ní rogha eile é toitíní éadroma nó íseal-tarra nó todóga chun caitheamh tobac a chaitheamh in aer. Déanann daoine a aistríonn go brandaí toitíní éadroma nó íseal-tarra anáilú níos doimhne agus ní laghdaíonn siad a mbagairt.
- Tá leibhéil arda aonocsaíde carbóin ag todóga, rud a laghdaíonn an méid ocsaigine is féidir leis an fhuil a iompar, agus mar sin méadóidh siad do riosca maidir le galar croí agus stróc.
- Vápáil - Is feistí a ritheann ar chumhacht cadhnaí iad toitíní leictreonacha (r-toitíní) a théann nicitín atá measctha le blastáin agus ceimiceáin eile chun aerasól a ionanálaíonn an t-úsáideoir a chruthú.
